

**BORD NA NIONAD CÓIREÁLA DO LUCHT MÍ-ÚSÁIDE
DRUGAÍ**

Tuarascáil Bhliantúil 2007

**Ag Soláthar Ag Oiriúnú Ag Cothú Ag Forbairt Ag Stiúradh Ag Cur ar an
Eolas**

Ábhar

Misean agus Fís

Mar gheall ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí (DTCB)

Comhaltaí Boird

Ráiteas an Chathaoirligh

Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta

Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil

Treochtaí in 2007

fís

Mar an Lárionad Cóireála Drugaí (Lá) is mó agus is faide bunaithe sa tír, is é ár n-aidhm leanúint de bheith ag cur réimse leathan sainchóireálacha ar fáil d'éagsúlacht pobal a úsáideann drugaí agus dóibh siúd a dteastaíonn sain-idirgabhálacha síciatracha, síceolaíocha, sóisialta agus liachta uathu. Is é ár n-aidhm chomh maith leis sin:

- bheith i gcónaí ag feabhsú agus ag forbairt na tseirbhísí a chuirimid ar fáil ó thaobh cóireála a thabhairt i gcás mhí-úsáid substaintí
- cur le polasaí chóireáil drugaí agus
- gníomhú mar eochair- acmhainn agus ionad oiliúna do ghairmithe a oibríonn sa réimse mhí-úsáid substaintí.

Mar shainsheirbhís cuirimid le polasaithe a bhíonn ag smaointeoireacht ar aghaidh maidir le cóireáil, cosc, oideachas, athshlánú, iarchúram, agus le cláir chúraim dhóthaineacha a fhorbairt dóibh siúd a ghoilleann mí-úsáid substaintí orthu.

I gcomhar le hoideoirí agus le gníomhaireachtaí reachtúla, deonacha agus pobail eile, déanaimid ár ndícheall chun spiorad neamhspléachais agus rogha a chothú i measc cliant, agus scothchleachtas á fhorbairt agus á chur chun cinn againn i gcóireálacha teiripeacha agus clínicíúla.

Is cuid dhílis é taighde de mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtacht cleachtas atá ann cheana féin agus de pholasaí cuí a fhorbairt. Tacaimid leis sin trí shonraí a chur ar fáil atá mar thoradh ar thaighde atá bunaithe ar fhianaise. Freisin soláthraíonn ár tsainsheirbhís cleachtas atá bunaithe ar fhianaise a thacaíonn le léargas a fháil maidir le héifeachtacht cóireálacha reatha agus scothchleachtas laistigh den réimse andúile. Mar sin, agus mar mhol do sheirbhísí andúile, is é ár n-aidhm scothchleachtas a threorú agus a stiúradh agus cur le polasaí chóireáil drugaí.

mar gheall ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí (DTCB)

Bunaíodh Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí, ar tugadh an tIonad Comhairleach agus Chóireáil Drugaí Náisiúnta air roimhe, i 1969 agus is í an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír. Lonnaíodh í ar dtús ag an “Otharlann Charthanachta”, in Ospidéal Shráid Ghearbhais, Baile Átha Cliath 1, a bunaíodh i 1718. Is ó theaghlach a raibh baint acu leis an ionad ó 1909 é Cathaoirleach reatha Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí, an tUasal Denis McCarthy. Ag deireadh 1987, dúnadh Ospidéal Shráid Ghearbhais. Bunaíodh Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí le hionstraim reachtúil i 1988 agus bhog sé go dtí áitreabh nua i gCúirt na Tríonóide, 30-31 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2. Faighimid ár maoiniú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Táimid tiomanta do chóireáil éifeachtach d’ardchaighdeán atá dírithe ar an gcliant a chur ar fáil. Soláthraítear é seo ar bhealach comhbhách, gairmiúil, ag glacadh riachtanais aonair ár gcliant san áireamh laistigh de shocrúchán ildhisciplíneach. Tugaimid treoir agus oiliúint do ghairmithe eile a bhíonn ag obair sa réimse mhí-úsáid substaintí agus cuirimid le forbairt pholasaí maidir le bainistiú andúile.

I gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, cuireann Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí cláir choiscitheacha, chóireála, athshlánaithe agus iarchúraim ar fáil d’eisothair agus d’othair chónaitheacha leis na droch-éifeachtaí a bhaineann le handúile drugaí a laghdú agus chun cosc a chur le scaipeadh an Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV sa Bhéarla) agus galair ionfhabhaithe eile.

Cuirtear saoráidí cóireála d’eisothair ar fáil ar an láthair. Tá saoráidí díthoscaithe d’othair chónaitheacha lonnaithe i mBarda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath (aonad 10 leaba) agus i gCuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Baile Átha Cliath (aonad 17 leaba).

Chomh maith leis sin cuirimid seirbhís Shaotharlann Anailís Drugaí Náisiúnta ar fáil a thacaíonn le polasaí cóireála, a dhéanann monatóireacht ar threochtaí agus a thacaíonn le pleanáil sheirbhíse agus le scothchleachtas maidir le cóireáil agus cúram a thabhairt i dtaca le mí-úsáid drugaí agus maidir bainistiú a dhéanamh ar an mí-úsáid sin. Tacaíonn ár dtaighde le cleachtas atá bunaithe ar fhianaise maidir le polasaí chóireáil drugaí agus forbairtí clínicíúla.

Áirítear ar na Sainsheirbhísí Clínicíúla ar an láthair:

Measúnú Liachta Ginearálta agus Síciatrach

- Clinic Dédhiagnóise
- Clinic Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta
- Seirbhís Chóireáil Heipitítis C ar an láthair
- Cosc ar Ionfhabhuithe Víreasacha agus Cóireáil
- Seirbhísí Cúraim Phríomúil
- Clinic Shláinte Gnéis

- Seirbhísí Cnáimhseachais Idirchaidrimh
- Clár Chóireála—mí-úsáid Ilshubstaintí
- Clár do Dhaoine Óga (YPP) (18 mbliain d’aois agus faoi)
- Seirbhísí comhairleacha do ghairmithe eile

Seirbhísí Eile

- Comhairleoireacht agus Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh
- Seirbhísí Obair Shóisialta
- Sainghrúpaí le haghaidh mhí-úsáid chócaoin agus alcóil
- Seirbhísí Leasa
- Teiripeacha Comhlántacha
- Seirbhísí For-rochtana
- Seirbhísí Sheomra Súgartha Intí
- Ranganna Litearthachta
- Taighde
- Liosta Cóireála Lárnach
- Saotharlann Anailís Dhrugaí Náisiúnta
- Seirbhísí Shláinte Ceirde

Comhaltaí Boird

AINM	TEIDEAL
An tUas Denis P. McCarthy	Cathaoirleach
An Dr. Declan Bedford	Comhalta Boird
An Dr. Íde Delargy	Comhalta Boird
An tUas Frank Fagan	Comhalta Boird
An Dr. Eamon Keenan	Comhalta Boird
An tUas Dan McGing	Comhalta Boird
An tUas Liam O’Brien	Comhalta Boird
An Dr. John O’Connor	Comhalta Boird
Alice O’Flynn Uas	Comhalta Boird
An tOllamh Kieran Taaffe	Comhalta Boird

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis mhór áthais dom ár dTuarascáil Bhliantúil 2007 a chur i láthair. Tugann sí cuntas faisnéiseach ar ár ngníomhaíochtaí agus ar ár bhforbairtí don bhliain atá faoi chaibidil agus ar ár bpleananna don todhchaí.

Arís ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach ár bhfoireann shinsearach bhainistíochta agus na foirne maidir le seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil go leanúnach. Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dóibh agus dá gcuid oibe i dtimpeallacht a leanann de bheith deacair agus a bhíonn ag athrú de shíor.

In 2007 leanamar ag oibriú chun ár Straitéis Cúig Bliana (2005- 2010) a chur i gcrích. Is é ceann dár gcuspóirí ná tuilleadh feabhais a chur ar ár gcaidreamh le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile agus tógáil ar an gcaidreamh sin chomh maith le bheith mar fhoinsé threasach atreoraithe dár gcomhghleacaithe a oibríonn sa réimse mhí-úsáid substaintí go náisiúnta.

Mar chuid dár dtiomantas do chaighdeán Rialaithe Corparáidaigh agus Chliniciúil d'fhorbair ár mBord Straitéis Bhainistiú Riosca agus bhunaigh sé Coiste um Bhainistiú Riosca agus Rialú Cliniciúil in 2007. Chomh maith leis sin rinneamar athbhreithniú seachtrach a choimisiniú ar ár gcórais um rialú airgeadais inmheánach rud a chinnteoidh go leanfaimid de bheith ag cloí le scothchleachtas agus le scothchaighdeán.

Lean ár tseirbhís Heipitítis C de bheith ag feidhmiú go réamhghníomhach in 2007 agus seirbhís fhaisnéise agus chomhairleach á soláthar aici dár gcliaint. Leanaimid lenár gcur chuige réamhghníomhach agus seirbhís chóireála ar an láthair á soláthar againn i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa tseirbhís Ghair Thógálaigh ag Ospidéal Naomh Shéamais. Tá áthas orm a chur in iúl go bhfanann na rátaí coinneála i gcás na ndaoine a dtugtar cóireáil dóibh ar an láthair an-ard. Sa bhreis, léiríonn sé seo tairbhí díreacha maidir le cosc a chur ar ghalar ae ainsealach agus tairbhí do shláinte ár gcliant san fhadthréimhse chomh maith le sábhálacha suntasacha dár tseirbhís shláinte sa todhchaí.

Arís choinnigh ár tSaotharlann Náisiúnta, atá mar sholáthraí thástáil dhrugaí agus thocsaineolaíochta anailísí, a creidiúnú ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú go dtí an caighdeán ISO 17025.

Mar fhreagracht ar an méadú leanúnach in úsáid chócaoin in 2007 tá sé beartaithe againn Seirbhís Chócaoin/ Spreagthaigh fhorbairt do lucht neamh-úsáide codlaidíneach nach mbíonn ag freastal ar sheirbhísí cóireála atá ann faoi láthair. Beidh an tsamhail chóireála a úsáidfear bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar fhreastal ar riachtanais chliaint na seirbhíse agus a dteaghlach.

Tá ionadaíocht ag daoine tuata, lucht leighis, dlí, altránais agus bainistíochta ar ár gCoiste Eiticí a bunaíodh in 2002. Tugann an Bord aitheantas dá dtacaíocht, dá ndíograis agus dá dtiomantas ag tacú leis an mBord agus go háirithe don Bhreitheamh Kevin Lynch a scoir in 2007 ina chumas mar Chathaoirleach ar an gcoiste. Táimid buíoch de as a thiomantas pearsanta thar na blianta. Ba chineálta an mhaise don

Bhreitheimh Donachda Ó Buachalla aontú bheith mar Chathaoirleach ar an ngrúpa ag dul ar aghaidh agus táimid ag tnúth lena chruinniú tionscnaimh mar Chathaoirleach go luath in 2008.

Bhunaíomar clinic measúnaithe um Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta i bhFeabhra 2007. Is de réir coinní a dhéantar measúnuithe ag Cláraitheoir Sinsearach mar chuid de sheisiúin leasa speisialta faoi mhaoireacht ár Stiúrthóra Chliniciúil, an Dr. John O' Connor.

I rith na bliana chuireamar tús le clár tógála le tacaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun an dara ardaitheoir a chur isteach ar chúl an fhoirgnimh agus córas láimhseáil aeir ar an gcéad go dtí an ceathrú urlár. Cuirfidh na feabhsúcháin seo go mór leis an timpeallacht do chliaint agus don fhoireann. Táimid ag tnúth le críochnú na hoibre i bhFómhar na bliana 2008.

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hIontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a dtacaíocht leanúnach. Tá an t-ádh orainn grúpa bainisteoirí agus foirne a bheith againn atá fuinniúil agus dírithe ar agus tiomanta don obair. Faoi stiúir an Bhoird agus an Bhainisteora Ghinearálta, Sheila Heffernan, cuireann an fhoireann seo ar ár gcumas tógáil ar a bhfuil bainte amach againn. Táimid ag tnúth le leanúint de bheith ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus lenár iliomad cairde chun sainsheirbhís chóireáil drugaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le mo chomhghleacaithe ar an mBord, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as an sár-obair atá déanta acu.

Denis P. McCarthy
Cathaoirleach
Samhain 2008

Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta

In 2007, is iad na doiciméid ríthábhachtacha a leanann de bheith ag cur bonn faoi straitéisí agus phleananna le haghaidh ár mBoird ná An Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime –Córas Sláinte Duitse, An Baile a Bhaint Amach--Plean gníomhaíochta le haghaidh daoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2004-2006 agus An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2001-2008. Ceangailte le Straitéisí ár mBoird 2005-2010 leanamar ag tógáil ar ár tseirbhísí atá ann cheana féin trí chlár de cháilíocht fheabhsaithe le linn dúinn a bheith ag stiúradh agus ag treorú maidir le scothchleachtas. In 2008 déanfar athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí. Táimid ag tnúth lenár sciar a dhéanamh chun todhchaí an chéad straitéis frithdhrugaí eile a mhúnlú.

In 2007 leanamar ag cur lenár gcuidreamh oibre le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile. Lean ár gcomhthionscnamh le Focus Ireland chun seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine óga gan dídean.

In 2007 chuireamar in iúl tríd an gCóras Náisiúnta um Thuairisciú Drugaí go ndearnamar measúnú ar nó gur thugamar cóireáil do 1,062 cliant. Ní raibh aon athrú suntasach i bpróifíl aoise cliant ag freastal ar ár tseirbhísí in 2007. Tugaimid faoi deara, áfach, go bhfuil ár gcóráil cliant ag dul in aois le méadú i bpróifíle aoise iad siúd atá 40 bliain d'aois agus níos sine. Mhéadaigh sé seo de bheagnach 2% in 2007 rud atá i gcomhréir le treochtaí náisiúnta.

In 2007 rinneadh 551 coinní seachtracha le haghaidh measúnuithe síciatracha san iomlán. Fanann an cóimheas idir fir agus mná ag 2:1. Fanann codlaidínigh mar an phríomhfhadhb substainte le haghaidh cásanna a ndearnamar measúnú orthu nó ar thugamar cóireáil dóibh in 2007. Tá líon na ndaoine óga faoi bhun 19 mbliain d'aois a thagann ar aghaidh le haghaidh cóireála ag leanúint de bheith ag méadú gach bliain (37 in 2005, 52 in 2006 agus 56 in 2007). Is ionann é seo agus méadú de 51% i gceann 3 bliana.

Leanamar ag bainistiú an Liosta Cóireála Lárnach (*seirbhís náisiúnta chun cuntas a choimeád ar na cliaint uile atá ar mheatadón agus chun iad a phróiseáil*). Ó 1998 ar aghaidh, tá méadú ó 5,403 in 1998 go dtí 9,760 in 2007 ar líon na gcliant a phróiseáil ag an gcóras seo. Ina theannta sin, chuireamar feabhas ar fheidhmiúlacht ár gcóras Theicneolaíocht Eolais in 2007 rud a d'fheabhsaigh cumas tuairiscithe go suntasach.

In 2007 lean ár tsaotharlann dá creidiúnú ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú go dtí caighdeán ISO 17025 a choimeád. Tar éis modh a fhorbairt chun idirdhealú a dhéanamh idir “Cnag” agus gnáthChócaon rinneamar “scuabadh” randamach ar líon samplach cliant ag freastal ar ár tseirbhís agus ar thionscadal i mBaile Átha Cliath Thiar. Rinne sé seo amach go bhféadfaí thart ar 10% de thorthaí dearfacha cócaoin a chur síos go sonrach do “Cnagchócaon” a chaitheamh.

I measc na bhforbairtí eile atá beartaithe laistigh dár tsaotharlann áirítear modh a fhorbairt chun idirdhealú a dhéanamh idir Methamfataimín (Meth Criostail), Eacstás nó Amfataimíní maidir le Meth Criostail. Faoi láthair déantar na samplaí uile a fhaigheann ár tsaotharlann a scagadh uair sa mhí i leith amfataimíní de réir riachtanas

aontaithe. Ní dhéanann an scagadh seo idirdhealú idir Methamfataimín (Meth Criostail), Eacstás nó Amfataimíní. Laistigh dár bprótacail scagtha aontaithe tá méadú de 1% ó 2006 (Den tuairim is 66,150 sampla a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh amfataimíní, bhí 660 dearfach) go dtí 2% in 2007 (as tuairim is 69,000 sampla a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh amfataimíní bhí 1,380 dearfach).

Lean ár tseirbhís Heipitítis C de bheith réamhghníomhach in 2007 ag díriú ar thinreamh a uasmhéadú ag ár tseirbhís oideachasúil dóibh siúd uile ag freastal ar ár tseirbhís. Go dtí seo tá cóireáil tairgthe do 43 cliant agus den líon sin tá cóireáil críochnaithe ag 40 díobh, líon is ionann agus ráta coinneála sármhaith de 93%.

Bhunaíomar clinic measúnaithe um Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta i bhFeabhra 2007. Chuir an tseirbhís cheannródach seo faoi mhaoirseacht ár Stiúrthóra Chliniciúil, An Dr. John O' Connor, ar ár gcumas seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú na ndaoine nach ndearnadh diagnóis orthu roimhe sin agus, ar an dóigh sin, ag cur lena gcaighdeán saoil go suntasach.

In 2008 tá sé beartaithe againn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár tseirbhísí comhairleoireachta trí dhíriú ar chliant a thástálann go dearfach le haghaidh cócaoin. Ina theannta sin, tá sé beartaithe againn Seirbhís Chócaoin/ Spreagthaigh a fhorbairt do lucht neamh-úsáide codlaidíneach nach mbíonn ag freastal ar sheirbhísí cóireála atá ann faoi láthair. Beidh an tsamhail chóireála a úsáidfear bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar fhreastal ar riachtanais chliant na seirbhíse agus a dteaghlach.

Beimid páirteach freisin i dtrial cliniciúil idirnáisiúnta atá ceaptha chun a léiriú sa chás go gcuirtear othair atá i muinín Opioid, agus atá ag lorg cóireála le haghaidh a n-andúile, ar Suboxone ar an bpointe go bhfuil sé sin gach pioc chomh maith le Subutex a ghlacadh ar dtús agus Suboxone ina dhiaidh sin.

Le linn 2007 leanamar d'fhorbairt a dhéanamh ar ár gCóras Othar Leictreonach a rinne uathchórais de chuid mhaith de na sruthanna oibre láimhe reatha agus a chuir le héifeachtacht agus cúram custaiméirí. Ach go háirithe, bhogamar ar aghaidh ó chairteacha othar bunaithe ar pháipéar go dtí cairteacha othar leictreonacha. Déantar tuairisceáin reachtúla go dtí an mBord Taighde Sláinte go leictreonach anois. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus chúnadh fhoireann an Bhord Taighde Sláinte le linn ár dtréimhse forbartha.

Chuireamar tús le clár tógála in 2007 le tacaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun an dara ardaitheoir a chur isteach ar chúl an fhoirgnimh agus córas láimhseáil aeir ar an gcéad go dtí an ceathrú urlár. Cuirfidh na feabhsúcháin seo go mór leis an timpeallacht do chliant agus don fhoireann. Táimid ag tnúth le críochnú na hoibre i bhFómhar na bliana 2008.

In 2007 d'fhorbraíomar ár Straitéis Bhainistiú Riosca. Cinnteoidh an straitéis seo go ndéanfar cliant, foireann, seirbhísí, cáil agus airgeadas Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí a chosaint trí phróiseas aithint, mheasúnú, rialú, laghdú agus dhíothú riosca. Ina theannta sin, bhunaíomar Coiste um Rialú Cliniciúil. Tugaimid aitheantas do thacaíocht Debbie Dunne, Uasal, Gníomhaireacht na n-Éileamh Stáit, le

linn an phróisís seo. Le linn 2007 freisin rinneamar athbhreithniú seachtrach ar ár rialaithe airgeadais inmheánacha.

Thar ceann an Bhoird, na bainistíochta agus na foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hIontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, le Gníomhaireacht na n-Éileamh Stáit, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le Seirbhísí Roinnte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a dtacaíocht leanúnach. Tá an cuspóir céanna againn chun turas an othair/an chliaint a fheabhsú agus chun timpeallacht oibre níos fearr a chur ar fáil don fhoireann. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith do Focus Ireland, don Bhord Taighde Sláinte, d'Ospidéal Naomh Shéamais, do Chuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, agus do Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, agus ina dteannta sin dár bpáirtnéirí iomadúla san earnáil dheonach agus reachtúil, don phobal áitiúil, do na gnóthais agus do na soláthróirí seirbhíse eile sa phobal.

Is léiriú é an tuarscáil seo ar obair chrua agus ar thiomantas ár mBoird agus ár bhfoirne a d'oibrigh go dícheallach, le linn 2007, chun a chinntiú go leanaimid de sheirbhís d'ardchaighdean a chur ar fáil.

Sheila Heffernan
Bainisteoir Ginearálta
Samhain 2008

Tuarascáil an Stiúrtóra Chliniciúil

In 2007 in éineacht le mo chomhgleacaithe comhairleacha, An Dr. Eamon Keenan, An Dr. Brion Sweeney, An Dr. Siobhan Rooney, An Dr. Bobby Smyth, An Dr. Gerry McCarney agus an Dr. Mike Scully leanamar ag oibriú go dlúth chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil.

Mar thoradh ar fhorbairt ár gCóras Othar Leictreonach d'athraíomar go dtí córas cairte gan pháipéar, rud a chuir le cumarsáid, pleanáil agus cúram othar. Áirítear san fhormaid seo fáil ar thorthaí ónár tsaotharlann go leictreonach.

Leanamar ag cur measúnuithe síciatracha seachtracha ar fáil ar son Cuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Barda Naomh Mhíchil, Ospidéal Beaumont, agus Ionad Rutland, Baile Átha Cliath, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Thacaíonn an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála cuí agus éascaíonn sí cúram cliant a bhainistiú ag leibhéal áitiúil.

Cómhaireann Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde le mí-úsáid drugaí, inní nó mí-oird dúlagair i suas le 75% de chásanna. I bhFeabhra 2007 bhunaíomar clinic measúnaithe tiomanta do Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta. Is de réir coinní a dhéantar measúnuithe ag Cláraitheoir Sinsearach mar chuid de sheisiúin leasa speisialta.

Le linn 2008 beidh Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsaide Drugaí páirteach i dtriail chliniciúil idirnáisiúnta atá ceaptha chun a léiriú sa chás go gcuirtear othair atá i muinín Opioid, agus atá ag lorg cóireála le haghaidh a n-andúile, ar Suboxone ar an bpointe go bhfuil sé sin gach pioc chomh maith le Subutex a ghlacadh ar dtús agus Suboxone ina dhiaidh sin.

Tá cuid mhaith fianaise sa litríocht go bhfuil Teiripe Chognaíoch Iompraíochta agus Scileanna Cognaíochta Iompraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí éifeachtach le haghaidh cóireála i gcás mhí-úsáid substaintí i gcoitinne, ach go háirithe i gcás cliant atá i dtuilleamaí cócaoin. Is idirghabháil ghearrthréimhseach (thart ar 8/10 seisiún go hiondúil) fócasaithe í an cur chuige seo. Tríd is tríd tá an bhéim ar anailís fheidhmiúil réamhtheachtaí agus iarmhairtí chun straitéisí a fhorbairt chun dála le fiontar ard ag baint leo a sheachaint agus chun malartuithe ar thorthaí athneartaithe cócaoin a aithint. San áireamh freisin tá béim láidir ar fhorbairt scileanna chun déileáil le deacrachtaí. D'fhéadfaí é a chur ar fáil chomh maith mar chuid de raon níos leithne d'idirghabhálacha a d'fhéadfadh comhairleoireacht do réimsí comhlántacha ar nós chomhairleoireacht theaghlaigh nó chomhairleoireacht cheirde nó freastal ar ghrúpa comhchuiditheach a bheith mar chuid de. Féachtar ar agallóireacht spreagtha a bheith comhlántach le Scileanna Cognaíochta Iompraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí agus is féidir an mhodúlacht seo a úsáid freisin.

In 2008 tá sé beartaithe againn Seirbhís Chócaoin/ Spreagthaigh a fhorbairt do lucht neamh-úsáide codlaidíneach nach mbíonn ag freastal ar sheirbhísí cóireála atá ann faoi láthair agus nach bhfuil i dtuilleamaí codlaidíneach. Tá an cur chuige seo i gcomhréir le gníomhartha an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí. Beidh an tsamhail chóireála a úsáidfear bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar fhreastal ar riachtanais chliant na seirbhíse agus a dteaghlach.

Bhí an-tacaíocht ar fáil, mar a bhí riamh, ó Chathaoirleach ár mBoird, an tUasal Denis McCarthy, ó na Comhaltaí Boird agus ón mBainisteoir Ginearálta, Sheila Heffernan Uasal, le linn 2007. Is mór agam tiomantas leanúnach fhoireann Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsaide Drugaí, fhoireann Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, agus fhoireann Chuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leo seo uile sa todhchaí.

An Dr. John O'Connor
Stiúrthóir Cliniciúil
Síciatraí Comhairleach i Mí-Úsaíd Substaintí
Samhain 2008

Ag Soláthar

Prionsabail Sheachadadh Ár tSeirbhíse

Aontaíonn Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí leis na prionsabail mar atá siad leagtha amach ag an Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime: Córas Sláinte Duitse (2001), an Baile a Bhaint Amach-plean gníomhaíochta do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2004-2006 agus An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2001-2008 tríd a leanas a chur ar fáil: seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh, caighdeán chomhsheasmhacha i dtaca le forbairtí nua a phleanáil agus struchtúr cuntasachta atá soiléir agus cuimsitheach. Tá pleananna cóireála bunaithe ar leanúnachas cúraim agus ar chur chuige an eochair-oibrí maidir le seirbhís gan uaim a sholáthar.

Mar shainsholáthróir seirbhíse tugaimid aghaidh ar réimsí de leithéid seo a leanas:

- Cinntiú go mbíonn na seirbhísí go léir cothrom, go mbíonn sé éasca rochtain a fháil orthu agus go mbíonn siad oiriúnach do riachtanais
- Comhionannas--aithnítear go bhfuil stádas comhionannais ag cliant le gach cliant chúram sláinte eile agus caitear amhlaidh leo, agus rochtain acu ar sheirbhísí príomhshrutha
- Neamhspleáchas agus rogha
- Cosc agus cur chun cinn sláinte éifeachtach
- Lánstaonadh a bhaint amach, nuair is féidir é sin a dhéanamh
- Dochar a laghdú.

Tá déanamh agus seachadadh ár tseirbhísí dírithe ar chliant agus ar a dteaghlaigh. Bímid i mbun comhairliúcháin d'ardleibhéal le cliant ag comhshnaidhmiú tuairimí cliant i bhforbairtí seirbhíse nua, i bpleanáil straitéiseach agus i measúnú ar sheirbhísí atá ann cheana féin.

Feidhmímid i gcultúr trédhearcachta agus fhócas custaiméara agus cabhraímid le forbairt chaighdeán scothchleachtais níos leithne a bhunú agus, ar an dóigh sin, ag cinntiú go mbíonn riachtanais chustaiméirí agus cumarsáid leo mar thosaíocht i gcónaí.

Agus sinn ag oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, leanaimid ag soláthar seirbhísí dóibh siúd a mbíonn deacracht acu rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin, lena n-áirítear daoine gan dídean/ar an imeall, daoine fásta óga, mionlacha eitneacha agus iad sin a bhfuil fadhbanna casta andúile acu.

Treochtaí 2007

Seirbhísí Cóireála	2007	2006	% +/-
Líon na ndaoine aonaracha ar tugadh seirbhís dóibh	1,852	1,896	- 2.3
Líon tinreamh bainteacha	119,343	119,552	- 0.2

In 2007, d'fhreastail 1,852 duine le haghaidh seirbhísí, agus den líon sin rinneadh measúnú ar 1,062 díobh nó glacadh iad isteach inár gcláir chóireála. Bhain an 790 cliant a bhí fágtha leas as raon seirbhísí lenar áiríodh cóireáil in ionad codlaidínigh, idirghabhálacha síciatracha, síceolaíochta agus socheolaíochta, cúram sláinte príomhúil, comhairleoireacht, tacaíocht in am an ghátair, comhairle agus faisnéis, malartú snáthaidí, seirbhísí chur chun cinn sláinte, tacaíocht theaghlaigh agus seirbhísí sheomra súgartha leanaí. Ba é an cóimheas fir le mná ná 2:1.

Próifil inscne cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Inscne	Líon	Colún %
Fear	737	69.4
Bean	325	30.6
Iomlán	1062	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifil Aoise Cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Aois	Líon	Colún %
<<16	4	.4
16-19	52	4.9
20-29	429	40.4
30-39	417	39.3
40+	160	15.1
Iomlán	1062	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Stádas maireachtála cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Stádas Maireachtála	Líon	Colún %
Cóiríocht Sheasmhach	745	70.2
Institiúid (príosún, cúram cónaithe, teach leath bhealaigh)	11	1.0
Gan Dídean	181	17.0
Cóiríocht eile neamhsheasmhach	85	8.0
Ní fios	40	3.8
Iomlán	1121	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte.

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi do chásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Substaint leis an bhfadhb is mó léi	Líon	Colún %
Alcól	8	.8
Beinsidé-asaipíní	8	.8
Cannabas	1	.1
Cócaon	8	.8
Codlaidíneacha	1029	96.9
Substaintí eile	8	.8
Iomlán	1062	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Inscne do chásanna nua* a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Inscne (cásanna nua)	Líon	Colún %
Fear	28	73.7
Bean	10	26.3
Iomlán	38	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

* Is cásanna nua iad cliaint nár tugadh cóireáil dóibh cheana in aon áit d'fhadhb-úsáid drugaí nó d'alcól.

Príomhshubstaint a tuairiscíodh do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Príomhshubstaint faidhbe (cásanna nua)	Líon	Colún%
Beinsidé-asaipíní	2	5.3
Cócaon	1	2.6
Codlaidíneacha	35	92.1
Iomlán	38	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

An dara substaint a tuairiscíodh do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

An dara fadhbshubstaint (Cásanna nua)	Líon	Colún %
Beinsidé-asaipíní	4	10.5
Cannabas	9	23.7
Cócaon	7	18.4
Codlaidíneacha	6	15.8
Substaintí eile	1	2.6
Dada	11	28.9
Iomlán	38	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi trí bhealach a tógtha do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi trí bhealach a tógtha	Instealladh	Tabac	Bolú/Srann	Ní Fios	Iomlán
Beinsidé-asaipíní	0	0	0	2	2
Cócaon	0	0	1	0	1
Codlaidíneacha	18	15	0	2	35
Iomlán	18	15	1	4	38

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl aoise do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoina bhun a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Aois	Líon	Colún%
14	2	3.6
15	2	3.6
16	7	12.5
17	18	32.1
18	12	21.4
19	15	26.8
Iomlán	56	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Inscne do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoina bhun a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Inscne	Líon	Colún %
Fir	33	58.9
Mná	23	41.1
Iomlán	56	100

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Liosta Cóireála Lárnach

Is éard atá sa Liosta Cóireála Lárnach, arna bhainistiú ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí, ná liosta náisiúnta cliant a bhfuil cóireáil mheatadóin á fáil acu.

I 2007 tugadh cóireáil mheatadóin do 9,760 cliant in iomlán in Éirinn. Tháinig 804 cliant in iomlán ar an liosta don chéad uair riamh, líon ab ionann is 8% den fhiigiúr ar fad.

Le linn 2007 chuireamar feabhas ar an gcóras, rud a chuir le feidhmiúlacht agus a d'fheabhsaigh tuairisciú.

Leanann an Liosta Cóireála Lárnach mar acmhainn do ghairmithe a bhíonn ag gabháil do chóireáil, chúram agus bhainistiú mhí-úsáid drugaí ar bhonn náisiúnta.

Líon na gCliant a bhfuil Meatadón á fháil acu in Éirinn An Liosta Cóireála Lárnach

Bliain	Líon Iomlán na gCliant	% + -
2001	7107	
2002	7596	+6.88%
2003	8155	+7.36%
2004	8364	+2.56%
2005	8962	+7.15%
2006	9428	+5.20%
2007	9760	+3.52%

Foinse: An Liosta Cóireála Drugaí, Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí

Ag Stiúradh

Seirbhísí Heipitítis C

Is é Heipitíteas C an cúis is coitianta d'ionfhabhtú víreasach ainsealach sa domhan thiar. Creidtear go bhfuil líon chomh mór le 62% - 80% de lucht úsáide drugaí trí instealladh i mór limistéar Bhaile Átha Cliath ionfhabhtaithe leis an víreas agus, mura gcuirtear cóireáil orthu, rachaidh cuid mhór díobh ar aghaidh go dtí an chéim dheiridh de ghalar ae sna tréimhsí deich mbliana atá romhainn.

Ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí leanamar lenár gcur chuige réamhghníomach maidir le Heipitíteas C, go háirithe maidir le hoideachas, diagnóis agus sna blianta is deireanaí cóireáil. I ndiaidh gur éirigh go maith lenár dtionscnamh cóireála heipitítis C “ar an láthair” in 2003, nuair a thairgearmar cóireáil Heipitítis C trí theiripe arna breathnú go díreach, táimid ag leanúint leis an tseirbhís seo a thairiscint i gcomhar leis na seirbhísí um Galar Tógálach ag ospidéal Naomh Shéamais. Go dtí seo tá cóireáil tairgthe do bhreis is 43 cliant agus den líon sin tá cóireáil críochnaithe ag 40 díobh. Is ionann é seo agus ráta coinneála de 93% sa chóhort cliant seo.

Tá ról gníomhach i gcónaí ag ár tseirbhís Heipitítis C, a bunaíodh in 1991, maidir le hoideachas a chur ar fáil do chliant agus d'fhoireann an Ionaid, chomh maith le do go leor seirbhísí andúile ar fud na tíre agus d'institiúidí tríú-leibhéal. Feidhmíonn seirbhís fhaisnéise, oideachais agus thástála “siúil isteach” heipitítis C i gcónaí go háirithe do chliant a fhreastalaíonn ar ár tseirbhís. Tá ár leabhrán, “Heipitíteas C: treoirleabhar d'úsáideoirí drugaí agus a dteaghlaigh” mar fhoinse eolais luachmhar i gcónaí dóibh sin a bhfuil heipitíteas C orthu, dá dteaghlaigh agus d'oibrithe cúramshláinte gairme.

Clinic Warfarin

In 2002 bhunaíomar clinic sainithe Warfarin le haghaidh ár gcliant. Comhoibrímid le hospidéil ghinearálta chun éascú a dhéanamh ar mhonatóireacht agus ar ghéilliúlacht optamach i dtaca le teiripe fhriththéachtach le haghaidh ár gcliant. Cruthaíodh gur éirigh thar barr leis an tionscnamh seo maidir le daoine a choinneáil i gcóireáil.

Déanaimid gnáthClinic Shláinte Gnéis a reachtáil ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí i gcomhpháirtíocht leis an bhFeidhmeannas um Mhíochaine Úraiginitíúil agus Ghalar Tógálach (G.U.I.D.E. sa Bhéarla) ag Ospidéal Naomh Shéamais, Baile Átha Cliath. Is é an cuspóir atá ag an gclinic ná feacht maidir le sláinte ghnéis a chur chun cinn, oideachas a chur ar fáil agus cóireáil a dhéanamh ar ionfhabhtuithe. Feidhmíonn an clinic ar bhealach siúil isteach agus bíonn seirbhísí ar fáil do chliant uile idir fir agus mná.

Cuirtear scagthástáil iomlán le haghaidh ionfhabhtuithe gnéas-traiseolta ar fáil agus tairgtear tástáil thráthúil smeartha as muineál na broinne freisin mar is cuí. Déantar atreorú chuig seirbhísí cuí nuair is gá.

Clár do Dhaoine Óga (YPP)

Soláthraíonn ár gClár do Dhaoine Óga (YPP) cóireáil do dhaoine óga faoi bhun 18 mbliain d'aois a thagann i láthair le mórfhadhb mhí-úsáid dhrugaí. Cuimsíonn an fhoireann comhaltaí ó roinnt disciplíní ar a n-áirítear Síciatracht, Comhairleoireacht, Obair Shóisialta, Síceolaíocht Chliniciúil, Teiripe Chórasach Teaghlaigh, Obair Thionscnaimh, Altracht agus teiripe Ealaíne. Is í aidhm an chlár ná cabhrú le daoine óga atá ag mí-úsáid drugaí trí thuiscint iomlánaíoch agus chórasach a fhorbairt ar a riachtanais leithleacha agus trí idirghabálacha bunaithe ar fhianaise a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riactanais bhitheolaíochta, shíceolaíochta agus shóisialta an chliant. Leanann an tionscnamh d'úsáid a bhaint as an Samhail Chúraim Bithshíceasóisialta chun cóireáil a chur ar fáil d'úsáideoirí drugaí ógánta.

Seirbhísí Cóireála Liachta YPP

- Cobhsú
- Díthocsainiú
- Cóireáil Mhalartach, i.e., Meatadón, Suboxone
- Scagthástáil Víreasach
- Sláinte Ghnéis a Chur Chun Cinn
- Laghdú Dochair
- Saineolas agus Tacaíocht Altra
- Scrúdú um Shláinte Fhisiciúil
- Atreorú chuig Seirbhísí Seachracha Cuí

Sainsheirbhísí YPP

- Luath-Idirghabháil agus Plean Cóireála a cheapadh
- Measúnú síceolaíochta ag díriú ar thosca a bhaineann le mí-úsáid dhrugaí
- Idirghabhálacha síc-shóisialta a sholáthar ag tabhairt aghaidh ar mhí-úsáid dhrugaí agus ar shaincheisteanna a bhaineann léi
- Clinicí shláinte ghnéis
- Seirbhísí cnáimhseachais idirchaidrimh
- Teiripeacha comhlántacha
- Obair shóisialta agus measúnú agus tacaíocht chúram leanaí
- Comhairle
- Teiripe Theaghlaigh
- Clár na n-Éarlaisí
- Tacaíocht Fhor-rochtana

In 2007 leanamar de sheirbhís idirchaidrimh altranais le Focus Ireland, rud a thairbhígh an gclár trí líonrú méadaithe idirghníomhaireachta agus pháirtíocht chliant i gclár oideachais. Le linn 2007 rinne mac léinn ón gClár Dochtúireacht i Síciatracht Cliniciúil, Coláiste na Tríonóide, socrúchán roghnach ar feadh 5 mhí inár rannóg. Bhíomar i bpáirt freisin freisin leis an nGníomhaireacht Forbartha Náisiúnta um Ealaíona Comhoibritheacha faoina ndearna beirt mac léinn socrúchán ar feadh seacht seachtain linn.

Leagann ár bPlean Tionscadail 2008-2009 amach ár n-aidhmeanna agus ár gcuspóirí reatha don bhliain atá romhainn le hathruithe sna réimsí Slite Tarchurtha agus Measúnuithe agus Plean Gníomaíochta. Áirítear pleananna chun cur le líon na dturas

seachtracha a chruthaigh a bheith tairbheach maidir lenár gcliaint a ghríosú chun iad féin a choimeád saor ó dhruaí. Tá sé beartaithe againn freisin lá oscailte a óstáil in Iúil 2008.

Ag Cur ar an Eolas

Saotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí

Is í ár tsaotharlann an príomh-ionad thástáil drugaí mí-úsáide sa tír. Táimid creidiúnaithe ag Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann go dtí caighdeán ISO 17025.

Soláthraímid seirbhís náisiúnta do Sheirbhísí Andúile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, d'ospidéal, do Dhochtúirí Teaghlaigh, d'eagraíochtaí deonacha, d'ionaid choinneála ógánta, don tSeirbhís Phromhaidh agus don tSeirbhís Chúirteanna.

Áirítear a leanas i measc na dteicnicí anailíseacha a úsáideann an tsaotharlann: Imdhíonmheas (Immunoassay sa Bhéarla) (IA), Leacht Crómatagrafaíochta - Oll-Sprectoméadar (LC-MS sa Bhéarla), Gás Crómatagrafaíochta - Oll-Sprectoméadar (GC-MS sa Bhéarla) agus Measúnacht Imdhíonsúiteachta Einsímnasctha (ELISA).

Áirítear a leanas i measc ár raon tástála de shamplaí fuail: Codlaidínigh, Benzodiazepíní, EDDP (meitibilít mheatadóin), Cannabas, Cócaon, Amfataiminí, Alcól, Zimovane agus Buprenorfín. Déantar monatóireacht theiripeach dhrua ar leibhéil meatadóin i bhfuil chomh maith.

Tábla 1: Comparáid idir Anailísí a rinneadh in 2006 agus 2007

Bliain	2006	2007
Líon iomlán na samplaí fuail a ndearnadh tástáil orthu	154,720	155,766
Iomlán na dtástálacha (IA)	962,681	825,359
Leibhéil Mheatadóin i bhFuil (ELISA)	418	336
Idirdhealú Codlaidínigh (GC-MS)	289	247
Idirdhealú Benzodiazepíní (GC-MS)	3,031	2,130
Zimovane	892	664

Mórghníomhartha a Baineadh Amach 2007

- Coinníodh an creidiúnú go dtí caighdeán ISO 17025 tar éis thuras fhaireacháin bliantúil Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann
- Forbraíodh modhanna Leacht Crómatagrafaíochta agus Oll-Sprectoméadar (LC-MS sa Bhéarla) do Chnag-Chócaon agus do Buprenorfín

- Cuireadh isteach an tAnailísí Cáilíochta do dhéanamh cairte agus d'anailísíú treochtaí um Rialú Cháilíocht Staitistice de chuid Anailísí an Iar-Thuaiscirt
- Bunaíodh Medibridge, córas tuairiscithe leictreonach, agus ceanglaíodh le hOspidéal Naomh Shéamais agus leis an tSaotharlann Tagartha Víris é
- Tugadh an Treoirleabhar um Sheirbhís Shaotharlainne d'Úsáideoirí cothrom le dáta agus athchlódh é le haghaidh a dháilte
- Cuireadh tionscnamh fála maidir le soláthar imoibreáin saotharlainne i gcrích
- Ionadaíocht leanúnach saotharlainne ar an gCoiste Luathrabhaidh agus Treochtaí ag Teacht chun Cinn de chuid an Choiste Chomhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí
- Ionadaíocht ag cruinniú de Chompántas Idirnáisiúnta na dTocsaineolaithe Dlí-eolaíochta agus de Chumann na dTocsaineolaithe Dlí-eolaíochta
- Céimeanna máistir eolaíochta bronnta ar bheirt dár mbithcheimicí

Coiste Eitice

Tugann ár gCoiste Eitice, a bunaíodh in 2002, tacaíocht dár rannóg taighde. Is é an ról atá aige ná comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le taighde cliniciúil laistigh de Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí agus ó ghníomhaireachtaí eile ar a n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na hospidéal dheonacha agus na hinstiúidí tríú-leibhéal. Bualann an Coiste le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus chun breith a thabhairt faoi mholtaí taighde éagsúla. Le linn 2007, rinneadh athbhreithniú ar 14 moladh.

Tá ionadaíocht ar an gCoiste ó lucht liachta, dlí, bainistíochta agus tuata. Aithníonn an Bord a dtacaíocht, a ndíograis agus a dtiomantas maidir le taca a thabhairt do Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí agus, ach go háirithe, an Breitheamh Kevin Lynch a scoir le linn 2007. Ba chineálta an mhaise don Bhreitheamh Donachda Ó Buachalla aontú bheith mar Chathaoirleach ar an ngrúpa ag dul ar aghaidh agus táimid ag tnúth lena chruinniú tionscnaimh mar Chathaoirleach go luath in 2008.

Taighde

Tá taighde mar chuid dhílis dár gcuid oibre i gcónaí. Tríd ár gcleachtas cliniciúil agus le cuidiú an tsaotharlann anailís dhrugaí ar an láthair, na scéimeanna oiliúna le haghaidh fostaíochta agus na hoiliúna do Shíciatraithe Comhairleacha le taithí fhairsing san earnáil, is í ár n-aidhm tús áite a ghlacadh maidir le forbairtí nua sa réimse andúile, sonraí a chur ar fáil ar éifeachtaí polasaí agus tionchar a bheith ar chleachtas chóireáil drugaí sa todhchaí.

Le linn 2007 leanadh de thaighde ag fiosrú riachtanais agus caighdeán saoil úsáideoirí cócaoin atá ar chóireáil chothabháil mheatadóin, le hagallamh a chur ar thart ar 114 cliant agus críoch a chur le céimeanna measúnaithe struchturtha ina gcás. Tá anailís á déanamh ar na sonraí agus táthar á n-ullmhú le haghaidh foilsithe.

I measc na bhfoilseachán in 2007 bhí na cinn seo a leanas atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.addictionireland.ie

An Dr. Noreen Bannan, An Dr. Siobhan Rooney agus An Dr. John O'Connor. Drug & Alcohol Review (Eanáir 2007), 26, leathanaigh 83-85.

Mí-úsáid Zopiclón: eolas nua-shonraithe ó Bhaile Átha Cliath

Ba thionscadal taighde é seo ar leitheadúlacht mhí-úsáid Zopiclón i measc cliant ar chothabháil mheatadóin tríd a thoradh táirthe, 2- aimín-5- chlórphiridín, a fhionnadh trí anailís fuail.

An Dr. Marie Whitty agus An Dr. John O'Connor. Psychiatric Bulletin (Nollaig 2007). 31:450-453.

I dTuilleamaí Codlaidíneach agus Toircheas: Staidéar Leanúna 20 Bliain

Scrúdaigh an staidéar seo an toradh tar éis 20 bliain ar 55 bean a bhí ag iompar clainne agus a bhí ag úsáid codlaidíneach in 1985 agus a bhí ag freastal ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí. Rinne sé torthaí a shuíomh thar líon athróg, ar a n-áirítear, mortlaíocht, easláine shíciatrach agus fhisiciúil, feidhmiú síceasóisialta, mí-úsáid drugaí go leanúnach agus iarmhairt ar a sliocht.

An tUas Kevin Ducray Cumann Chomhairleoirí Alcóil agus Andúile na hÉireann Feabhra 2007 “Clár do Dhaoine Óga”

An tUas Martin Rafferty Cumann Chomhairleoirí Alcóil agus Andúile na hÉireann Feabhra 2007

Mí-Úsáid Shubstaintí / Iompar Andúile agus Ról na gComhairleoirí/ Síctearipithe

Tionscadail Thaighde atá Pleanáilte le haghaidh 2008

Sa bhliain atá romhainn, beimid páirteach i dtionscadal taighde ilshuíomhach foirmiúil ag fiosrú éifeachtacht idirghabhálacha Scileanna Cognaíocha Iompraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí i gcás cliant a mhí-úsáideann cócaon.

Beidh na cuspóirí a leanas ag an staidéar:

- ✓ Inghlacthacht agus féidearthacht idirghabháil Scileanna Cognaíocha Iompraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí i measc cliant le handúil chócaoin i socrúchán clinic a thástáil
- ✓ Meastachán a dhéanamh ar thorthaí Scileanna Cognaíocha Iompraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí maidir le húsáid chócaoin
- ✓ Meastachán a dhéanamh ar an toradh a d'fhéadfadh a bheith ag Scileanna Cognaíocha Iompraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí ar thorthaí MAP

(iompar riosca sláinte, sláinte fhisiciúil agus shíciatrach, agus feidhmiú pearsanta agus sóisialta).

Triail Chliniciúil

Le linn 2008, beimid páirteach i staidéar idirnáisiúnta atá ceaptha chun a léiriú sa chás go gcuirtear othair atá i dtuilleamaí opioid, agus atá ag lorg cóireála le haghaidh a n-andúile, ar Suboxone ar an bpointe go bhfuil sé sin gach pioc chomh maith le Subutex a ghlacadh ar dtús agus Suboxone ina dhiaidh sin.

Eolas a Scaipeadh

Bíonn páirt thábhachtach oideachasúil i gcónaí ag ár tsaoráidí leabharlainne chomh maith le rochtain a thabhairt d'fhostaithe agus do mhic léinn mar chuid dá n-oideachas leanúnach. Leanann an tseirbhís de bheith ar fáil do ghairmithe a bhíonn ag iarraidh teacht ar shain-irisí agus ar shain- fhoilseacháin. Freisin, fuaireamar iarratais fhoirmiúla ar eolas faoi andúil ó mhic léinn, ó thuismitheoirí, ó sholáthraithe seirbhíse eile agus uathusan a mbíonn baint acu le mí-úsáid shubstaintí.

Tá páipéir thaighde arna gcur amach ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsaide Drugaí agus acusan a bhfuil baint acu lenár n-eagraíocht ar fáil ar ár láithreán gréasáin (www.addictionireland.ie)

Ag Cothú

Seirbhísí Cliniciúla

Soláthraimid sainsheirbhís chóireála d'úsáideoirí drugaí agus bímid de shíoraí ag cur ár tseirbhísí in oiriúint le freastal ar riachtanais chliant. Le linn 2007, fuair 1,852 duine aonair seirbhísí arna dtacú ag foireann ildhisciplíneach le hardscileanna agus le taithí mhaith acu faoi cheannas ár tSíciatraithe Comhairleacha i mí-úsáid shubstaintí.

Freisin tugaimid seirbhís chomhairleach agus thacaíochta náisiúnta do ghairmithe a bhíonn ag gabháil do chóireáil, chúram agus bhainistiú mhí-úsáid drugaí. Tacaítear sa bhreis leis sin trí pholasaithe, nósanna imeachta agus phrótacaíl a scaipeadh maidir le scothchleachtas agus idirghabhálacha liachta agus teiripeacha.

Sainsheirbhísí Cliniciúla

Clinic Dédhiagnóise

Measúnú Síciatrach agus Liachta Ghinearálta

Cosc agus Cóireáil Ionfhabhtuithe Víris

Cnáimhseachas Idirchaidrimh

Clinic Shláinte Gnéis

Clinic Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta

Seirbhísí Chóireáil Liachta

Díthocsainiú (othair chónaitheacha agus eis- othair)
Cláir Chothabháil Mheatadóin
Cláir Chobhsaithe
Cúram Príomhúil
Faire ar Aicíd Fola/Víris
Clár Chóireáil Heipitítis C ar an láthair
Clár Laghdú Dochair
Clinic Warfarin

Measúnú Ginearálta/Síciatrach

Is fada atá comh-easláine shíciatrach aitheanta mar fhadhb rídheacair maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú othar a bhfuil stair mhí-úsáid shubstaintí acu. Léiríonn taighde a rinneadh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí gur shroich 50% de dhaoine CDT (Critéir Dhiagnóiseacha Taighde) i gcás thinneas dúlagair ag tráth éigin dá saol caite.

In 2007 déileáil le 551 coinne le haghaidh measúnuithe síciatracha seachtracha ar an iomlán. Tá fás i gcónaí ar an éileamh ar an tsainsheirbhís mheasúnaithe/thacaíochta seo. Rinneadh measúnuithe ar son Cuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Ionad Rutland, Dochtúirí Teaghlaigh agus Feidmheannacht na Seirbhíse Sláinte. Thacaigh an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála iomchuí agus d'éascaigh sí bainistíocht a dhéanamh ar chúram daoine aonair ag leibhéal áitiúil.

Clinic Dédhiagnóise

Soláthraíonn Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí sainchlinic eis-othair chun comhairle maidir le cúram a thabhairt do chliaint atá ann cheana féin agus chun measúnú a dhéanamh ar chásanna a chuirtear ar aghaidh ó fhoirne meabhairshláinte agus ó thagróirí eile.

Is é atá i *nDédhiagnóis* ná comh-tharlú mhí-oird mheabhairshláinte agus mhí-ord mhí-úsáid substaintí (alcól agus/nó spleáchas/mí-úsáid drugaí).

Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde

Is mí-ord néar-fhorbraíochta é Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde a ghoilleann ar 4 –12% de pháistí. Leanann sé i ndaoine fásta i suas le 4.7% de chásanna (Kesler 2004). Tá hipirghníomhaíocht luaileach géar, easpa aire agus ríogacht de réir tréith ann, rudaí a bhfuil lagú feidhmiúil mar thoradh orthu. Comhghaireann Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde le mí-úsáid dhrugaí, inní nó mí-oird dhúlagair i suas le 75% de chásanna. Bíonn cásanna den chineál sin níos déine agus níos seasmhachaí, bíonn prognóis níos measa acu agus léiríonn siad ceangal níos láidre le heasnaimh chognaíochta seachas nuair a tharlaíonn ina n-aonar (Thapar 2006).

Bhunaíomar Clinic Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta i bhFeabhra 2007. Is dé réir coinní a dhéantar measúnuithe gach Luan ag Cláraitheoir

Sinsearach mar chuid dá seisiúin leasa speisialta faoi mhaoirseacht An Dr. John O'Connor, Stiúrthóir Cliniciúil.

Cosc ar Ionfhabhtuithe Víris

Cuspóir bunúsach dár gcláir chóireáil dhrugaí is ea scaipeadh bhreiteachtaí víris a chosc. Déantar an cosc, a sheachadtar trí sheirbhísí cliniciúla atá tiomanta don Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV sa Bhéarla) agus Heipitíteas a chosc agus a chóireáil, a bhaint amach trí dhianchlár vacsaínithe agus scagthástála, shnáthaidí a mhalartú agus chlár chur chun cinn sláinte. Is í an aidhm cóireáil éifeachach, d'ardchaighdeán atá dírithe ar an gcliant a sholáthar, arna tacú ag réimse sheirbhísí cúraim phríomúil agus ag dlúthchaidreamh le hospidéal ghinearálta agus le seirbhísí síciatracha.

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Tá ár gcuid seirbhísí cúraim phríomhúil ceaptha chun

- Sláinte agus leas cliant a chur chun cinn trí chomhairle, eolas agus chlár oideachais a sholáthar.
- Idirghabháil a dhéanamh go luath i mbreiteacht agus, ar an dóigh sin, laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dteastódh go géar ón duine dul isteach san ospidéal.
- Leanúnachas cúraim a chur ar fáil i gcomhar le hospidéal liachta ghinearálta agus ospidéal síciatracha, ospidéal mháithreachais, dochtúirí teaghlaigh agus réigiúin de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Comhchlár chúraim agus chóireála a sholáthar i gcomhar le heochairsheirbhísí.

Téann réimse Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil ó othrais, easpaí, gearrthaí agus cnéanna a chóiriú agus/nó comhuaimneanna a fhorchur nó a bhaint amach go dtí cógais shíceatrópacha agus ghinearálta a chur ar fáil. Chomh maith leis sin soláthraimid seirbhís a thugann sainchógais, e.g., instealltaí frith-théachtacha, faisnéis liachta ghinearálta, comhairle chothaithe agus monatóireacht mheáchain, agus a dhéanann monatóireacht ar na sainchógais sin. Ceann dár tseirbhísí cúraim phríomhúil ríthábhachtacha is ea maoirsiú a dhéanamh ar chógas comhtheiripe i gcóireáil Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV sa Bhéarla), chomh maith le cógais eitinne a thabhairt faoi mhaoirsiú.

Seirbhísí Siúil Isteach Don Chéad Uair/Éigeandála

Tríd ár tseirbhís mheasúnaithe siúil isteach don chéad uair/éigeandála rinneamar 153 measúnú le linn 2007. Áirítear ar na tairbhí, rochtain dhíreach ar sheirbhísí measúnaithe d'úsáideoirí drugaí agus deis chun seirbhísí iomchuí a phleanáil atá bunaithe ar riachtanais chliant.

Seomra Súgartha do Leanaí

Soláthraíonn an Rannóg Theiripe Shúgartha timpeallacht inspreagthach chuiditheach do na leanaí agus tuismitheoirí a fhreastalaíonn ar ár tseirbhísí. Is í an aidhm atá

againn ná cruthaitheacht na leanaí a fhorbairt trí dheiseanna a chur ar fáil chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú. Trí himoibriú aonair agus grúpa tig leis na leanaí a bhféinmheas a fhorbairt, foghlaim conas luach a chur orthu féin agus bealaí nua idiroibrithe a fhorbairt.

Le linn 2007 tugadh 3,184 cuairt in iomlán ar an Rannóg agus d'oibrigh sí le 210 leanbh aonair agus 110 teaghlach. San áireamh anseo bhí 56 leanbh nua agus 36 teaghlach nua a d'fhreastail in 2007.

Mar thoradh ar an rath a bhí ar ár gclár samhraidh in 2006, leathnaíomar an clár seo in 2007 agus reachtálamar trí thuras déag in iomlán i rith an tsamhraidh ar nithe is díol spéise timpeall Bhaile Átha Cliath. Lig sé seo dúinn líon níos mó leanaí a chuimsiú sna turais agus turas amháin ar a laghad a thairiscint do gach leanbh. Le linn gach ceann de na turais lean an seomra súgartha ar oscailt do leanaí eile ag freastal ar an gclinic. D'eagraíomar sé ócáid intí chomh maith, ar a n-áirítear tóraíochtaí taisce, laethanta spóirt, aghaidhphéinteáil agus cáirióice.

Le linn lárthearma Oíche Shamhna d'eagraíomar dhá thuras agus bhí éagsúlacht ócáidí agus gníomhaíochtaí againn i rith na seachtaine. Le linn thréimhse na Nollag d'eagraíomar éagsúlacht ócáidí agus d'athraíomar ár limistéar amuigh go dtí radharc geimhridh. Chuir an Dry Ice Company taispeántas i láthair ag ár bhfleá na Nollag, ócáid ar bhain na leanaí agus na tuismitheoirí go léir taitneamh as. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Dry Ice Company agus don fhoireann go léir a chabhraigh ar an lá agus a chuidigh chun an ócáid a reachtáil go socair réidh. Soláthraíonn na turais agus na himeachtaí seo deis shiamsaíochta, fhoghlama agus fhorbairt scileanna sóisialta do na leanaí. Tá súil againn na turais seo a leathnú in 2008 chun turais le linn na dtréimhsí saoire go léir a chlúdach.

Freisin tugann an seomra súgartha raon leathan comhairle, eolais agus tacaíochta do thuismitheoirí agus leanaí. Le linn 2007 d'eagraíomar téamaí míosúla do na leanaí agus tuismitheoirí araon. Sholáthraíomar faisnéis ar shaincheisteanna sóisialta agus oideachasúla ar shuim leo araon. Roghnaíodh gach ábhar bunaithe ar riachtanais na leanaí mar a chonachtas dúinn iad agus ó chomhairle a ghlacadh leis na tuismitheoirí. San áireamh bhí sábháilteacht bhóthair, cúram in aghaidh na gréine, oiliúint leithris, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Leanaí agus go leor eile. Reachtálamar mí shláinte dhéadach chomh maith. Ba í an aidhm a bhí leis seo ná na tuismitheoirí agus na leanaí a ghríosadh chun cúram déadach maith a chleachtadh. D'fhorbraíomar gach ábhar trí chomhcheangal de shúgradh agus dhíospóireacht leis na leanaí agus chuireamar leabhrán eolais ar fáil do na tuismitheoirí freisin.

Leanann an Rannóg Theiripe Súgartha ag oibriú i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gCearnóg Mhóinseo chun socrúchán a sholáthar faoina gcomhlíonann mac léinn san Oideachas Luath Óige taithí oibre bliana inár tseomra súgartha.

Seirbhísí Comhairleoireachta agus Thacaíocht Theaghlaigh

Tugann comhairleoirí a oibríonn mar chuid d'fhoirne ildhisciplíneacha an deis do chliaint agus do theaghlaigh seirbhísí comhairleoireachta aonair agus grúpa a fháil.

Is cuid dhílis de chóireáil andúile í Comhairleoireacht agus Síctearipe; tugann sé an deis do dhaoine a bhfuil andúil ag goilliúint orthu a bpáirt féin le linn a saoil a chur in iúl, na roghanna a rinne siad agus na tosca a rialann iad.

In 2007 bhí 3,451 tinreamh in iomlán le haghaidh sheirbhísí comhairleoireachta.

Seirbhísí For-Rochtana

Oibríonn na foirne ildhisciplíneacha i gcomhairle leis an gClár For-Rochtana chun riachtanais, cóireáil agus roghanna athshlánaithe cliant a aithint agus chun plean cúraim aonair iomchuí a fhorbairt. Chomh maith leis sin bíonn For-rochtain i mbun seirbhísí a sholáthar do chliant ó thaobh saoráidí othar cónaitheacha agus eis-othar a phleanáil. Bíonn idirchaidreamh ag an rannóg le grúpaí reachtúla agus deonacha laistigh den phobal.

Soláthraítear iarchúram/athshlánú, cur chun cinn sláinte agus tacaíocht idirghabhála ghéarchéime do chliant agus dá dteaghlaigh. Is seirbhís ríthábhachtach í i gcónaí an t-athleanúint do chliant a d' éirigh as cóireáil.

Bíonn páirt lárnach ag ár tseirbhís i gcónaí ó thaobh ár liosta feithimh a bhailíochtú, ag cinntiú go bhfuil tuarascáil stádais reatha againn agus go leanaimid i dteagmháil le cliant ar an liosta. I gcomhpháirtíocht le seirbhísí do dhaoine gan dídean, tá úsáideoirí drugaí a bhfuil cóireáil de dhíth orthu go géar aitheanta againn. Chabhraigh an tionscnamh chun aghaidh níos mó a thabhairt ar riachtanais ghéara na ndaoine sin atá ní hamháin gan dídean ach a bhfuil cóireáil de dhíth orthu.

Seirbhísí Obair Shóisialta

Is í an aidhm atá ag an bhFoireann Obair Shóisialta laistigh den tseirbhís ná tacaíocht agus idirghabháil chuí a sholáthar dóibh sin atá ag freastal, ag feidhmiú de réir na mbunphrionsabal a bhaineann le hObair Shóisialta, is iad sin, ionbhá, tuiscint agus ceart cliant ar a rialú féin. Tá súil againn i gcomhar lenár gcomhgleacaithe san fhoireann ildhisciplíneach athrú a dhéanamh dóibh sin atá ag freastal, dá dteaghlaigh agus dá bpobail. Déantar daoine a tharchur chuig an tseirbhís trí theagmháil dhíreach nó trí chomhaltaí den fhoireann nó ó ghníomhaireachtaí seachtracha.

Sa bhliain atá romhainn, tá sé beartaithe ag an bhFoireann Obair Shóisialta:

- Caidreamh oibre leis na trí phríomh-Ospidéal Máithreachais i mBaile Átha Cliath a chur ar bhonn foirmiúil mar iarracht chun cruinnithe réamh- bhreithe/ scaoilte amach a éascú.
- Lean d'fhorbairt a dhéanamh ar an nGrúpa Litearthachta laistigh den Ionad.
- Treoirínite a éascú chun cabhrú leis an bhfoireann measúnú a dhéanamh ar theaghlaigh leochaileacha sa réimse chúram / chosaint leanáí.

Seirbhísí Cnáimhseachais Idirchaidrimh

Leanaimid ag soláthar seirbhísí cnáimhseachais idirchaidrimh le haghaidh ár gcliant i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis na trí ospidéal máithreachais i mBaile Átha Cliath. Is í an aidhm ná a chinntiú go mbíonn rochtain ag mná atá ag iompar clainne ar chúram réamhbheithithe agus iarbhreithithe cuimsitheach agus go bhfaigheann siad an chúram sin. Gníomhaíonn an fhoireann chnáimhseachais mar acmhainn eolais agus oideachais dár bhfoirne ildhisciplíneacha.

An Rannóg Altranais

Bíonn ról lárnach ag ár bhfoireann altranais i gcónaí maidir le cúram cliant d'ardchaighdeán a chomhordú, a mheasúnú, a phleanáil agus a sheachadadh trí chórais chúraim eochair-oibre / phleanáil chúraim. Is ról ilghruach a bhíonn ag an altra laistigh den chlinic:

- ✓ **Ildhisciplíneach** - Tá an ról seo fíor-thábhachtach maidir le faisnéis chruinn chothrom le dáta a chur in iúl. Comhoibrímid go dlúth le disciplíní eile chun cúram cáilíochta optamach a chur ar fáil dár gcliant.
- ✓ **Cúram Príomhúil** – cuimsíonn sé seo scagadh víreasach, vacsaínithe, pleanáil theaghlaigh, idirghabháil ghéarchéime, malartú snáthaidí, cúram cneá agus sainchógais a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Bíonn teagmháil againn ar bhonn rialta leis na gníomhaireachtaí eile a bhíonn ag gabháil do chúram cliant agus bíonn ról tábhachtach againn sa phróiseas measúnaithe tosaigh.
- ✓ **Liosta Feithimh / Pleanáil Scaoilte** - monatóireacht agus tosaíocht i gcás an chliant ar an liosta feithimh. Bíonn ról tábhachtach againn maidir leis an gcliant a ullmhú le haghaidh a scaoilte amach sa phobal, ag cinntiú go mbíonn na córais uile i dtoll a chéile d'aistriú socair réidh ónár tseirbhísí.
- ✓ **Ábhar Altra** – socrúcháin sa phobal a éascú d'ábhar altra. Glacann thart ar 50 ábhar altra páirt in aghaidh na bliana agus caitheann gach ábhar altra seachtain inár gclinic. Tugann an eachtra seo deis dóibh freisin bualadh le comhaltaí den fhoireann ildhisciplíneach.
- ✓ **Altra ag Moladh Cóir Leighis** – déanfar an post seo a fhorbairt sa bhliain atá romhainn.

Tugaimid tacaíocht i gcónaí d'fhorbairt ghairme leanúnach laistigh den fhoireann altra tríd a éascú don fhoireann freastal ar chomhdháileacha agus laethanta oiliúna éagsúla. Bhí tinreamh maith ón bhfoireann altra ag cainteanna faisnéise a thug foireann an chlinic GUIDE in Ospidéal Naomh Shéamais chomh maith le hoiliúint intí. Tá gníomhaíocht den chineál sin fíor-riachtanach toisc go gcinntíonn sé go bhfuilimid ag coinneáil suas le cleachtais, córais, etc., a bhíonn ag athrú.

Fóram d'Úsáideoirí Seirbhíse

Leanann ár bhFóram d'Úsáideoirí Seirbhíse a bunaíodh in 2003 de:

- Bhealach cumarsáide déthreoch a fhorbairt idir an fhoireann/an bhainistíocht agus na cliaint a bhíonn ag freastal ar an tseirbhís
- Fhóram fiúntach a sholáthar chun díospóireacht a dhéanamh ar pholasaithe agus ar chleachtais atá ann cheana féin agus ar riachtanais a fheictear don tseirbhís
- Fhóram fiúntach a sholáthar le haghaidh ionadaíochta ag cliaint agus le go gcuirfidh siad a gcuid tuairimí in iúl
- Iniúchadh a dhéanamh ar mholtaí le haghaidh athraithe agus fhorbairt seirbhíse
- Aiseolas a chur ar fáil don bhainistíocht maidir le gnéithe dearfacha agus diúltachta araon den tseirbhís a bhraith na cliaint.

Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta

Tá ár bhfoireann riaracháin agus tacaíochta riachtanach lena chinntiú go seachadtar réimse leathan seirbhísí go héifeachtúil agus go héifeachtach. Áirítear orthu foireann ó na rannóga a leanas: airgeadas, acmhainní daonna, fáilte agus taifid liachta, rúnaithe d'fhoirne clínicíúla, oifigigh chléireachais, pearsanra Theicneolaíocht Eolais, cúntóirí ginearálta, maoirseoir foirgníochta, foireann a bhíonn i gcionn an tí, foireann ghlantóireachta agus foireann shlándála ar conradh. Aithníonn an Bord cion oibre fíor-riachtanach gach duine ar leith agus gach foirne ar leith chun a chinntiú go soláthraimid seirbhís cháilíochta.

Ag Oiriúnú

Seirbhísí Leasa:

Leanamar de sheirbhís leasa cáilíochta a chur ar fáil do chliaint ag freastal ar ár tseirbhísí in 2007. Déileáladh le 1,718 fiafraí, méadú de 20% ar fhigiúir 2006. Leanann saincheisteanna tithíochta agus cóiríochta de bheith faoi deara don chion ba mhó de na fiafraithe a dhéileáil an tseirbhís leo.

D'fhan idirchaidreamh leanúnach le heagraíochtaí is fearr atá suite chun freastal ar riachanais bhonn chliant na seirbhíse mar thosaíocht don tseirbhís. Dírfodh mórchuid den obair ar na sochair a ghnóthaigh an tseirbhís dá cliaint thar na blianta atá thart a chomhdhlúthú. Is é croílár na seirbhíse i gcónaí ná cúnaimh i dtaca le leas sóisialach, airgeadas, cártaí liachta agus fiach. Ba thosaíocht teagmháil leanúnach le soláthraithe cóiríochta le béim ar leith ar chóiríocht inbhuanaithe fhadthréimhseach agus leanfaidh sé sin amhlaidh.

Seirbhís Leasa ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí

Fiafraí:	2007	2006
Tithíocht agus Cóiríocht	958	727
Cártaí Liachta agus Taisteal	251	236
Liúntais Speisialta agus Liúntais Chothaithe	97	87
Seirbhísí Ginearálta	412	386
Líon Iomlán na bhFiafraithe	1,718	1,436

Ag Forbairt

Oideachas agus Oiliúint

Agus í ar an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír, le taithí de bhreis is 38 bliain, bhí páirt ar leith againn maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach a chur ar ghairmithe sa réimse mhí-úsáid shubstaintí. Baintear é seo amach trí chláir oiliúna, shocrúcháin agus chúrsaí f(h)oirmiúla. In éineacht le socrúcháin mac léinn, eagraítear cuairteanna cliniciúla do mhic léinn chomh maith.

In 2007 leanamar ag soláthar oiliúna don tseirbhís phríosúin, d'institiúidí tríú leibhéal, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do ghairmithe eile. Cuid lárnach d'eiteas ár n-eagraíochta is ea oideachas leanúnach. Soláthraíodh breis oideachais agus oiliúna do ghrúpaí tacaíochta, do phríosúnaigh agus do chliaint in ionaid atshlánaithe.

Cuireadh oiliúint ar fáil faoi heipitíteas do mhic léinn in institiúidí tríú leibhéal éagsúla. Ina theannta sin, soláthraíodh seisiúin oideachasúla d'fhoireann chliniciúil atá ag obair sa réimse mhí-úsáid shubstaintí.

Dochtúirí Ospidéil Neamh-Chomhairleacha

Tá sain-oiliúint á soláthar againn i gcónaí do 15 Dochtúir Ospidéil Neamh-Chomhairleach (DONC-anna) tríd an rannpháirtíocht atá againn i scéimeanna oiliúna arna gcreidiúnú ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe agus ag Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann.

Soláthraimid socrúcháin d'oiliúnaithe a bhíonn rannpháirteach sna Rothluithe Oiliúna in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, in Ospidéal Naomh Eoin Baiste agus in Ospidéal an Mater. Tá na rothluithe seo creidiúnaithe ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe.

Socrúcháin Fhostaíochta

Mar sholáthróir seirbhíse atá chun tosaigh sa réimse mhí-úsáid shubstaintí déanaimid éascaíocht ar oiliúint ghairmiúil trí shocrúcháin a bhíonn mar chuid den oiliúint do roinnt gairmeacha agus disciplíní éagsúla. Is cuid d'oiliúint roinnt gairmeacha agus disciplíní éagsúla iad seo. Bíonn deis ag na rannpháirtithe na gnéithe iomadúla de sheirbhísí cliniciúla agus de chláir chóireála a fheiceáil ón mbun, chomh maith lenár

tsaotharlann náisiúnta anailís drugaí. Le linn 2007 ghlac 185 gairmí páirt i bhfoghlaim ar an láthair. Áiríodh orthu dochtúirí ospidéal neamh-chomhairleacha, altraí, oibríthe sóisialta, comhairleoirí, foireann otharchairr, síceolaithe, oibríthe chúram leanaí, foireann shaotharlainne, riaracháin agus sheirbhísí tacaíochta.

Tairgtear socrúchán bhliana amháin do mhic léinn ón Scoil Shocheolaíochta ag Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Agus iad ar shocrúchán inár tSeomra Súgartha Leanaí, freastalaíonn mic léinn ar chruinnithe inmheánacha agus seachtracha de chuid na foirne ildhisciplíní. Ligeann sé seo do mhic léinn taithí a fháil ón mbun ar raon na riachtanas agus na bhfreagairtí a chuirtear ar fáil do leanaí a bhfuil fadhbanna mhí-úsáid drugaí ag a gcuid tuismitheoirí.

Tig le mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí comhairleoireachta mar chuid dá n-oiliúint ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste LSB/DBS agus Ollscoil Náisiúnta na Éireann, Má Nuat, glacadh le socrúcháin atá faoi mhaoirsiú ag ár bhfoireann chomhairleoireachta a bhfuil sean-taithí acu.

Soláthraíonn ár Rannóg Obair Shóisialta socrúcháin mac léinn gach bliain i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Is ardshain-obair cuid mhaith den obair a dhéantar inár tsaotharlann. Thar na blianta tá glactha léi ag institiúidí tríú leibhéal mar áit thaithí oibre fhiúntach do mhic léinn a bhfuil tóir mhór uirthi, a ligeann dóibh taithí luachmhar a fháil. Áirítear orthusan Institiúidí Teicneolaíochta Shráid Chaoimhín agus Tamhlachta, Institiúidí Teicneolaíochta Átha Luain agus Cheatharlaigh agus Sráid Chathail Bhruigha.

Teicneolaíocht Chumarsáid Eolais

Leanamar d'ár Straitéis Theicneolaíocht Chumarsáid Eolais a chur i gcrích in 2007 le feabhsuithe inár bhfeidhmchláir bhunachar sonraí dá bharr.

Bhí críoch leictreonach ar an gCóras Thuairisciú Náisiúnta um Chóireáil Dhrugaí don Bhord Thaighde Sláinte agus feabhsuithe do mheasúnú dochtúirí, do chógais agus don tsaotharlann san áireamh i bhforbairt ár gCóras Othar Leictreonach in 2007.

In éineacht le forbairtí ar an gCóras Othar Leictreonach, áiríodh i measc na dtionscadal Theicneolaíocht Eolais eile a críochnaíodh in 2007:

- Feabhsuithe ar an Liosta Cóireála Lárnach
- An Córas Starsweb a úsáid mar chuid de Straitéis Bhainistiú Riosca an Bhoird
- Tuairiscithe Criostail a fhorbairt
- Torthaí fola a sholáthar ar líne ó Ospidéal Naomh Shéamais agus ón tsaotharlann Thagairt Víris i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, le cur isteach sa Chóras Faisnéise um Bhainistiú Saotharlainne (LIMS sa Bhéarla) atá ar an uain ar fáil tríd an gCóras Othar Leictreonach

- Uasghráduithe leanúnacha crua-earraí in áit trealaimh dulta as feidhm
- Uasghrádú ar chumas líonraithe

Acmhainní Daonna

I 2007 leanamar ag cur seirbhísí agus tacaíocht Acmhainní Daonna ar fáil. Go hard i gclár oibre na rannóige bhí feachtais earcaíochta, tionscnaimh oiliúna agus fhorbartha agus pleanáil dhaonchumhachta. Leanamar ag gníomhú mar acmhainn do bhainisteoirí líne agus do mhaoirseoirí.

Faoin Acht Míchumais 2005, tá dualgas orainn mar chomhlacht seirbhíse poiblí a chinntiú gur daoine le míchumas 3% ar a laghad dár bhfoireann. Sainmhíonn an tAcht Míchumais 2005: “ *ciallaíonn míchumas i ndáil le duine sriantacht shubstantiúil maidir cumas an duine gairm, gnó nó slí beatha a chur ar siúl sa Stát nó chun páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta nó cultúrtha sa Stát de dheascair mallachair mhartanaigh coirp, céadfa, meabhair-shláinte nó intleachta.*” Feictear don Bhord gur gníomh dearfach é an sprioc seo d’fhostaíocht daoine le míchumas sa tseirbhís poiblí le cinntiú go bhfuil fostóirí na seirbhíse poiblí réamhghníomhach maidir le fostaíocht agus deiseanna gairme a chur ar fáil do ghrúpa a bhfuil baol níos mó ann ina gcás go mbeidis coinnithe amach ó fhostaíocht. Trí chomhaireamh bliantúil a dhéanamh, tugann sé deis dúinn a aithint an bhfuil na tacaíochtaí go léir a dteastaíonn uathu chun a gcuid jabanna a déanamh á bhfáil ag daoine le míchumas. In 2007 chuireamar suirbhé deonach chuig na fostaíthe go léir chun a fháil amach cén líon daoine a bhfuil míchumas orthu. Thug 3% den fhoireann le taispeáint go raibh míchumas orthu.

Leanaimid ag cur ár bPolasaí Oiliúna agus Forbartha chun cinn a chinntíonn go mbíonn rochtain ag gach fostaí ar oiliúint agus ar fhorbairt phearsanta. Freisin déanaimid fostaíthe a ghríosadh chun a gcuid oideachais a chur chun cinn agus úsáid a bhaint as tacaíocht chun freastal ar chúrsaí oiliúna tríú leibhéal foirmiúla.

In 2007 leanamar lenár straitéis le haghaidh oiliúna sa Theicneolaíocht Eolais a raibh mar aidhm aici tacú leis an bhfoireann chun a scileanna ríomhaireachta a fheabhsú. Chun tacú lenár gCóras Theicneolaíocht Eolais bhain roinnt den fhoireann úsáid as dian-oiliúint i scileanna méarchláir.

Sláinte Cheirde

Cuireann ár Rannóg Sláinte Cheirde seirbhís ar fáil i gcónaí d’fhostaithe ar a n-áirítear gnéithe éagsúla d’fholláine foirne, cláir vacsaínithe le haghaidh Heipitítis A agus B agus fliú.

In 2007 cuireadh oiliúint i Láimhsiú Láimhe ar fáil don fhoireann uile a mbíonn baint acu le gnéithe éagsúla de Láimhsiú Láimhe.

Tugadh oiliúint don fhoireann in úsáid Dhífhíbrileoirí Uathoibríocha Seachtracha ar innill iniompraithe iad a úsáidtear chun cóireáil a thabhairt do dhaoine a bhualann stad cairdiach tobann iad. Mar thoradh air sin tá 20 comhalta den fhoireann ina n-oibrítheoirí teistithe.

In 2008 tá sé beartaithe cur le líon na draenáilaithe d'Idirghabháil Ghéarchéime Neamh-Fhoréigineach agus cláir chur chun cinn na sláinte a sholáthar.

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Tá ár mBord tiomanta maidir lena dhualgais faoi reachaíocht shláinte agus shábháilteachta a chomhlíonadh agus maidir le timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chruthú agus a choimeád dá fhostaithe, dá chliant agus dá chuirteoirí. Baintear é seo amach trí riachtanais na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

Is cuid lárnach í oiliúint maidir le laghdú a dhéanamh ar bhaol/thitim amach timpistí nó teaghmas. Chlúdaigh samplaí den oiliúint a cuireadh ar fáil in 2007: oiliúint leanúnach maidir le bainistiú teaghmas tromchúiseacha, dochair shá snáthaide agus láimhsiú láimhe.

Bainistiú Riosca

In 2007 d'fhorbair ár mBord Straitéis Bhainistiú Riosca a chuimsigh Coiste Bhainistiú Riosca agus Coiste Rialaithe Chliniciúil agus chuir sé an Straitéis sin i gcrích.

Is é an cuspóir atá leis an Straitéis Bhainistiú Riosca ná creatlach éifeachtach bhainistiú riosca a fhorbairt agus a chur i gcrích le cinntiú go ndéantar bainistiú leordhóthanach ar an raon iomlán rioscaí i gcomhréir le hoibleagáidí díthiúla agus scothchleachtas reatha san earnáil shláinte.

In 2007 lean an Coiste Iniúchta a cheap an Bord ag cabhrú leis an mBord agus ag tuairisciú dó maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar:

- Éifeachtacht agus tionchar na rialaithe inmheánacha go léir sa Bhord
- Ghéilliúlacht an Bhoird maidir le riachtanais dhlíthiúla agus rialaithe
- Sláine na ráiteas airgeadais agus na sonraí gníomhaíochta eile a chuireann an tIonad ar fáil.

I measc na dtionscnamh eile a rinne ár mBord in 2007 bhí:

- Athbhreithniú seachtrach ar na córais um rialú airgeadais inmheánach a choimisiúnú. Léirigh an t-athbhreithniú seo a thuilleadh an gá do Chóras Airgeadais nua.
- Athbhreithniú ar an gcóras Theicneolaíocht Eolais Airgeadais a d'aithin an gá do chóras nua. Leanaimid sa tóir ar an uasghrádú seo go dtí an córas náisiúnta Agresso le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ráitis Airgeadais

Déanann an Rannóg Airgeadais bainistiú ar an leithdháileadh bliantúil maoinithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte thar ceann an Bhoird. Cinntíonn sé go n-íoctar soláthraithe go tráthúil agus an párolla míosúil don fhoireann. Tá sé freagrach freisin as soláthairtí a fháil i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Cinntíonn an Rannóg go ndéantar tuairisciú cruinn agus go gcoimeádtar smacht ar chostais trí thuairiscí a chur ar fáil ar a n-áirítear cuntais mhíosúla, ráitis airgeadais agus buiséid bhliantúla.

Taispeánann na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 2007 ioncam iomlán de €9,626,458 agus den tsuim sin bhí €9,347,091 mar leithdháileadh deontais ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Léiríonn na ráitis seo barraíocht de €401,433 don bhliain. (Tabhair faoi deara go bhfuil an bharraíocht seo ann roimh aistriú de €648,593 ón gCuntas Ioncaim go dtí an Cuntas Caipitil in 2007 a chur san áireamh.)

Forbairtí in 2007:

- Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras Airgeadais a d'aithin go raibh gá le córas nua. Tá cainteanna ag leanúint ar aghaidh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le go mbeimid clúdaithe sa Chóras Airgeadais Agresso nuair a chuirtear ar fáil é.
- Rinne ár mBord athbhreithniú seachtrach ar na córais rialú airgeadais inmheánacha a choimisiúnú. Léirigh an t-athbhreithniú seo a thuilleadh an gá do Chóras Airgeadais nua.
- Tugadh oiliúint don fhoireann ar an gcóras párolla Micropay agus cuireadh feabhas ar chumas tuairiscithe an chórais.

Tionscnaimh le haghaidh 2008

Tá cainteanna ag leanúint ar aghaidh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an gcóras Agresso agus táimid dóchasach go ndéanfar ceadú maoinithe don chóras seo a dhearbhu. Táthar ag súil leis go gcuirfidh an córas Agresso, ach é a bheith curtha i bhfeidhm, cumas thuairisciú airgeadais agus feabhsuithe éifeachtúlachta níos mó ar fáil trí thascanna a dhéantar de lámh faoi láthair a dhéanamh uathoibríoch.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na Roinne Sláinte agus Leanaí as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú le linn 2007.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas (1997)

Is é polasaí ár mBoird déanamh de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997). Tá córais agus nósanna imeachta ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Údáide Drugaí lena chinntiú go gcuirtear forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997) i bhfeidhm ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm le gach idirbheart agus íocaíocht a rianú de réir théarmaí an Achta agus déantar athbhreithniú leanúnach ar na haischuir chuí ón gcóras cuntasáíochta. Soláthraíonn nósanna imeachta an Bhoird, atá i gcomhréir le scothchleachtas a ghlactar leis, deimhniú réasúnach, ach ní deimhniú iomlán, nach ndéantar an tAcht a shárú. Freisin tá sé mar chleachtas againn

athbhreithniú a dhéanamh agus gníomh iomchuí a ghlacadh maidir le haon eachtraí sáraithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn. In 2007 chomhlíon an Bord forálacha an Achta go hiomlán agus tá áthas orainn a thuairisciú nach raibh dliteanas ar an mBord as aon íocaíocht úis chuig creidiúnaithe.

Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsaide Drugaí

Cúirt na Tríonóide

30-31 Sráid an Phiarsaigh

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-648 8600

Facs: 01-648 8700

r-phost: info@dtcb.ie

láithreán gréasáin: www.addictionireland.ie

